1. Cad a rinne tú an tseachtain seo caite? What did you do this past week?

D'fhan mé sa bhaile. *I stayed at home.*

Cá ndeachaigh tú? Where did you go?

Ní dheachaigh mé áit ar bith. *I didn't go anywhere.*

Cad a chonaic tú? What did you see?

Chonaic mé scannán ar an teilifís. *I saw a film on the TV.*

2. Cad a dhéanfaidh tú don Nollaig? What will you do for Christmas?

Tabharfaidh mé cuairt ar mo mhuintir. *I'll visit my family.*

Amhrán na Mara (Úna Levy) — Song of the Sea

1.	Éiríonn le Ben an lochta a bhaint amach díreach in am agus plabann sé an doras druidte ar chloigeann Mhacha.	Ben manages to reach the loft just in time and he slams the door closed on Macha's head.
2.	Tá Macha ag dul ar mire taobh amuigh den doras agus tá a cuid ulchabhán ag iarraidh briseadh isteach tríd an fhuinneog.	Macha is going mad outside the door and her owls are trying to break in through the window.
3.	Impíonn Ben ar Shaoirse a hamhrán a sheinm ar an sliogán chun na prócaí a bhriseadh mar a rinne sí in uaimh na sióg. Ach tá sí ró-lag.	Ben begs Saoirse to play her song on the shell to break the jars as she did in the fairy cave. But she is too weak.
4.	Cromann Ben a chloigeann agus gabhann sé leithscéal le Saoirse: chuir sé an locht ar fad uirthi, a deir sé, nuair nach raibh sin tuillte aici.	Ben bows his head and apologizes to Saoirse: he put all the blame on her, he says, when it wasn't deserved by her.
5.	Le seo, cruinníonn Saoirse rud beag fuinnimh agus séideann sa sliogán. Briseann an fhuaim na prócaí.	With this, Saoirse gathers a bit of strength and blows in the shell. The sound breaks the jars.
6.	Éalaíonn néalta fearthainne, tuartha ceatha agus gathanna gréine amach as na prócaí draíochta.	Rain clouds, rainbows and sunbeams escape from the magical jars.
7.	Rothlaíonn siad isteach san aer agus ar ais chuig Macha, ag athrú an tseanchailleach isteach ina seanbhean chaoin arís.	They roll into the air and back to Macha, turning the old witch into a kind old woman again.
8.	Cuidíonn Macha a bhfuil fuinneamh na n-óg inti arís le Ben, Saoirse bhocht agus Cú.	Macha shares what youthful energy she has again with Ben, poor Saoirse and Cu.
9.	Scaoileann sí amach a cuid spiorad-chúnna a chuidíonn le Cú rith le luas na gaoithe trasna na tíre ar ais abhaile chuig teach solais s'acu.	She releases her sprit-dogs that help Cu run at the speed of the wind across the country back home to the their lighthouse.

10.	Tá dath an bháis ar Shaoirse is iad ag teacht chuig teach an tsolais.	Saoirse is a deathly color as they come to the lighthouse.
11.	Ropann Ben síos chuig a Dhaid is iarrann sé cóta Shaoirse air.	Ben dashes down to his dad and asks him for Saoirse's coat.
12.	Ach tá scaoll ar Chonor. Tógann sé Saoirse ina lámha.	But Conor is afraid. He takes Saoirse in his arms.
13.	Caithfidh sé í a thabhairt go tír mór chuig an ospidéal.	He has to take her to the mainland to the hospital.
14.	"Cá bhfuil an cóta?", a fhiafraíonn Ben dá athair.	"Where is the coat?", Ben asks his father.
15.	Screadann Conor ar Bhen, corraí air, ag rá go bhfuil sé caite san fharraige aige.	Conor yells at Ben, upset, saying that he threw it in the sea.
16.	Baintear siar as Ben. Tá eagla air roimh fhearg a athar.	Ben is taken aback. He's afraid of his father's anger.
17.	Isteach sa bhád le Conor, Ben, Saoirse agus Cú, iad ag déanamh ar tír mór.	Conor, Ben, Saoirse and Cu go into the boat, making towards the mainland.
18.	Tuigeann Ben nach bhfuil ach dóigh amháin ann le Saoirse a shábháil – a cóta a fháil.	Ben understands that there's only one way to save Saoirse – to find her coat.
19.	Baineann sé a veist tarrthála de agus tumann isteach san fharraige shuaite, dearmad déanta aige den eagla a bhí air roimh an uisce.	He takes off his life vest and dives into the seething waters, forgetting his fear of the water.
20.	Léimeann Conor isteach i ndiaidh a mhic.	Conor jumps in after his son.
21.	Faoin uisce treoraíonn na rónta Ben chuig an bhosca ag grinneall na farraige.	Under the water, the seals guide Ben to the box at the bottom of the sea.

22.	Níl sé ábalta é a oscailt. Le sin leagann ceann de na rónta an eochair os comhair Ben. Osclaíonn sé an bosca léi.	He can't open it. Then one of the seals lays the key in front of Ben. He opens the box with it.
23.	Beireann Ben ar chóta Shaoirse go díreach agus Conor á tharraingt ar ais suas chuig an bhád.	Ben takes hold of Saoirse's coat, just as Conor pulls him back up to the boat.
24.	Cuireann Ben an cóta thart ar Shaoirse agus labhraíonn sí a céad fhocal, "Ben".	Ben puts the coat around Saoirse and she speaks her first word, "Ben".

	Ceisteanna	**Questions**
1.	Cá dtéann Ben chun éalú ó Mhacha?	Where does Ben go to escape Macha?
2.	Cén fáth nach bhfuil Saoirse in ann Amhrán na Mara a sheinm ar an sliogán?	Why can't Saoirse play the Song of the Sea on the shell?
3.	Cén leithscéal a ghabh Ben le Saoirse?	What apology did Ben make to Saoirse?
4.	Cad a tharlaíonn do na prócaí nuair sheinneann Saoirse ar an sliogán?	What happens to the jars when Saoirse plays the shell?
5.	Cad a tharlaíonn do Mhacha?	What happens to Macha?
6.	Conas a chuidíonn na spiorad-chúnna leis na páistí?	How do the spirit-hounds help the kids?
7.	Cén fáth nach féidir le Conor an cóta a thabhairt do Shaoirse?	Why can't Conor give the coat to Saoirse?
8.	Cá bhfuil siad ag dul sa bhád?	Where are they going in the boat?
9.	Cad é an t-aon dóigh le Saoirse a shábháil, dar le Ben?	What is the one way to save Saoirse, according to Ben?
10.	Cad a dhéanann Ben tar éis dó a veist tarrthála a bhaint de?	What does Ben do after removing his life vest?
11.	Cén fáth go raibh sé seo cróga ar thaobh Bhean?	Why was this brave on Ben's part?
12.	Cad a thaispeánann na rónta do Bhean?	What do the seals show Ben?
13.	Cad a dhéanann Saoirse nuair a chuireann Ben an cóta uirthi?	What does Saoirse do when Ben puts the coat on her?